Coláiste | Aonad Bainistíochta:	Oifig an Chláraitheora
Scoil | Aonad:	Acadamh Nuálaíochta UCD
Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair:	Cúntóir Feidhmiúcháin
Fad an Phoist:	Po(i)st Shealadacha 5 Bhliain Páirtaimseartha (i.e. leath an méid ama/ 0.5 coibhéis lánaimseartha)
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme	Oibríochtaí & Bainistíocht Acadúla agus Clár– Leibhéal Gairme 1
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	2023-01-003
Bainisteoir Líne	Ceann Straitéise & Comhpháirtíochtaí, Acadamh Nuálaíochta UCD
Uimhir Thagartha an Chomórtais	018394
Riarthóir Acmhainní Daonna	Jolanca Desouza

Achoimre ar an bPost:

An bhfuil an mianach ceart ionat daoine a spreagadh agus cabhrú leo barr a gcumas a bhaint amach?

An bhfuil tú ábalta cabhrú linn éadan an oideachais a athrú, agus an bealach a n-oibrímid agus a bhfoghlaimímid a athrú ó bhonn?

Má tá, teastaíonn uainn cloisteáil uait. D'fhéadfá a bheith mar chuid de rud fíor-cheannródaíoch atá ag cur Éire ar thús cadhnaíochta na nuálaíochta.

Tá an domhan ag athrú go tiubh te agus rachaidh go leor dár gcuid mac léinn i mbun oibre i bpoist nach bhfuil aon trácht orthu go fóill. Cuireann Acadamh Nuálaíochta UCD taithí foghlama ar fáil agus leagan siad amach iad sin i gcomhpháirtíocht le ceannairí tionscail, chun na príomhscileanna atá de dhíth a thabhairt dár gcuid mac léinn, is iad sin: Cruthaitheacht, Meon Fiontraíochta, Smaointeoireacht Chriticiúil, Athléimneacht, Comhoibriú agus Ceannasaíocht. Téann ár n-iarchéimithe ar aghaidh chun a ngairmeacha a luathú agus an domhan a athrú, cibé acu óna n-eagraíochtaí féin nó mar fhiontraithe agus fiontraithe sóisialta.

Tá Cúntóir Feidhmiúcháin á lorg ag Acadamh Nuálaíochta UCD chun tacú le mic léinn a earcú le haghaidh a chlár. Cuireann Acadamh Nuálaíochta UCD réimse clár agus cúrsaí ar fáil i réimse na cruthaitheachta, na fiontraíochta, na hinbhuanaitheachta agus na nuálaíochta do na céadta foghlaimeoir gach bliain. Áirítear leo sin cláir shuaitheanta arna maoiniú ag tionscnamh uasoiliúna an rialtais Springboard+. Tacóidh an t-iarrthóir rathúil le hiarrthóirí a earcú le haghaidh na gclár, trí léirithe spéise a thiontú go clárúcháin ar chúrsaí, agus iad ag obair mar chuid den fhoireann margaíochta agus cumarsáide. Maidir leis seo beidh comhordú leis an bhfoireann mhargaíochta i gceist agus, nuair is gá, comhordú le Springboard+ i dtaca le cláir atá le teacht agus ag dul i dteagmháil le mic léinn ionchasacha.

Beidh an Cúntóir Feidhmiúcháin mar an phríomhphointe teagmhála le haghaidh ceisteanna ó iarrthóirí, ar an bhfón nó trí ríomhphost agus mar an gcéad phointe teagmhála leagfaidh siad amach an chaoi a mbeidh Acadamh Nuálaíochta UCD do mhic léinn amach anseo. Cabhróidh an t-iarrthóir rathúil leis an bpróiseas margaíochta agus earcaíochta a mhionchoigeartú de réir mar is gá agus sonraí earcaíochta a bhailiú chun cabhrú le próiseas agus straitéis fhoriomlán Acadamh Nuálaíochta UCD a threorú.

Is ról é seo atá an-dírithe ar dhaoine, ina mbeifear ag obair le pobal domhain agus éagsúil mac léinn Acadamh Nuálaíochta UCD, idir fhoghlaimeoirí saoil atá ag iarraidh filleadh ar an lucht saothair, ghairmithe atá ag déanamh uasoiliúint orthu féin agus iad siúd a bhfuil cor cinniúnach rompu maidir lena ngairm, chéimithe ollscoile nua agus

mhic léinn óga i gcampaí samhraidh, i measc daoine eile. Beidh an deis ag an gCúntóir Feidhmiúcháin tacaíocht a thabhairt dár mic léinn go luath dá n-aistear foghlama idir chomhairle a thabhairt dóibh maidir lena n-incháilitheacht agus a rogha cláir, agus trí chuidiú leo chun go n-éireodh leo sa phróiseas iarratais, agus mar chuid d'fhoireann a sheasann go dlúth le chéile, beidh an deis acu súil a choinneáil ar dhul chun cinn na mac léinn go dtí go gcríochnóidh siad a gclár.

Tacóidh an Cúntóir Feidhmiúcháin freisin leis an bhfoireann Margaíochta agus Cumarsáide le dualgais eile lena n-áirítear imeachtaí, na meáin shóisialta, cumarsáid, an suíomh gréasáin, comhtháthú CRM agus tascanna eile de réir mar a shanntar iad.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Is iad príomhdhualgais an phoist ná chun tacú le mic léinn a earcú ar chláir Acadamh Nuálaíochta UCD. Go sonrach, beidh na comhpháirteanna seo a leanas san áireamh sa ról:

- Oibriú mar chuid den fhoireann Margaíochta agus Earcaíochta agus mic léinn nua á earcú; comhairle a thabhairt do mhic léinn ionchasacha maidir leis an bpróiseas iarratais agus riachtanais ghinearálta iontrála trí ríomhphost, ar an bhfón agus go pearsanta.
- Eolas agus comhairle chruinn a chur ar fáil do mhic léinn, don fhoireann agus don phobal i gcoitinne, maidir le cláir.
- Obair go dlúth le foireann Oibríochtaí Acadamh Nuálaíochta UCD, agus iarratais mac léinn á bpróiseáil.
- Gach céim de shraith na mac léinn a thacú ón ionduchtú go dtí go bhfuil an chéim bainte amach acu.
- Cuidiú le foilseacháin chlóite a ullmhú agus le hábhair ar an ngréasán a fhorbairt agus a chur i láthair lena n-áirítear ríomhphoist mhargaíochta; A bheith rannpháirteach i Laethanta Oscailte agus i ngníomhaíochtaí promóisin eile
- Páirt a ghlacadh i bpróisis mhargaíochta agus earcaíochta a mhionchoigeartú agus a fheabhsú
- Tascanna cumarsáide a thacú lena n-áirítear forbairt ábhair, suíomh gréasáin a bhainistiú, imeachtaí agus CRM.
- Aon dualgais eile de réir mar a shannann an Bainisteoir.

Sainiúil don Phost seo

- Beidh na laethanta agus na huaireanta iarbhír a oibreofar mar chuid den phost páirtaimseartha Sealadach seo (i.e. post le leath an méid ama / 0.5 coibhéis lánaimseartha) faoi réir mar a chomhaontaítear le Stiúrthóir, Acadamh Nuálaíochta UCD; nó a (h)ainmní.
- **TÁBHACHTACH: Agus d'iarratas á ullmhú agat:** NÍ MÓR d'iarratasóirí litir mhínithe a chur san áireamh, agus anuas ar sin cur síos a dhéanamh ar a n-oiriúnacht don ról seo, iarrtar ar iarratasóirí freisin a mbarúil agus ráiteas gairid a thabhairt maidir leis:
  (a) An spéis atá agat in Acadamh Nuálaíochta UCD
  (b) An spéis atá agat san oideachas.

95 Cúntóir Feidhmiúcháin_2013 Scála Tuarastail: €31,714 - €47,950 in aghaidh na bliana pro-rata
(Comhionann le €15,857 - €23,975 in aghaidh na bliana do cheapachán sealadach páirtaimseartha / 0.5 coibhéis lánaimseartha)
Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Faigh tuilleadh faisnéise maidir le hÉagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Critéir Roghnúcháin

Tá Creat Cnuasaigh Poist in UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Poist na **Bainistíochta agus Oibríochtaí Acadúla agus Clár agus tá sé ag teacht le Leibhéal Gairme 1.** Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha a ndéantar cur síos orthu sa Chreat Cnuasaigh Poist le fáil ag https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí:

- 1-2 bhliain de thaithí ghairmiúil nó seirbhís do chustaiméirí, agus/nó céim tríú leibhéal
- Cumas ar ardáin dhigiteacha éagsúla léirithe (Microsoft suite) agus / nó an fonn cinn eile a fhoghlaim (Slack, Hubspot)

Inniúlachtaí Feidhmiúla:

- **Anailís Ghnó (Leibhéal Oilteachta 1)** - Cumas maith chun riachtanais úsáideoirí a aistriú go réitigh agus ar phróisis doiciméad, tuarascálacha a scríobh agus cultúr feabhsúcháin leanúnaigh a chruthú.
- **Bainistíocht Sonraí (Leibhéal Oilteachta 1)** - Cumas maith eolas a fhorbairt agus a léiriú ar dhea-chleachtas bainistíochta sonraí agus cleachtais rialachais sonraí
- **Athléimneacht Oibríochtúil (Leibhéal Oilteachta 1)** – Cumas maith seasmhacht agus feidhmíocht a choinneáil agus tú ag tabhairt faoi thascanna laethúla, an cumas gníomhú go héifeachtach faoi bhrú, agus diongbháilteacht, féinsmacht agus tiomantas a léiriú in aghaidh timpeallachta nó constaicí atá ag athrú.
- **Tacaíocht, Treoraíocht agus Comhairle (Leibhéal Oilteachta 1)** – Cumas maith tacaíocht, treoraíocht agus comhairle a chur ar fáil do mhic léinn, don dámh agus don fhoireann. Cumhdaítear leis seo leas agus folláine na mac léinn agus na foirne laistigh den institiúid chomh maith le tacaíocht agus comhairle oibríochtúil a thabhairt, i gcásanna neamhfhoirmiúla agus foirmiúla araon.
- **Géire Intinne Theicniúil (Leibhéal Oilteachta 1)**– Cumas maith eolas teicniúil, scileanna agus breithiúnas a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú chun toradh a bhaint amach nó chun tascanna a chur i gcrích go héifeachtach, agus chun smaoineamh ar bhealaí le forbairtí nua a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht eagraíochtúil nó seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú.

Príomhinniúlachtaí:

- **Athruithe a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 1)** Cumas maith chun cur chuige dearfach a ghlacadh agus tú ag dul i ngleic leis an obair agus le hathruithe a thagann chun cinn.
- **Caidrimh a Fhorbairt (Leibhéal Oilteachta 1) -** Cumas maith maidir le caidrimh oibre éifeachtacha a fhorbairt laistigh de do réimse féin agus ar bhonn níos leithne.
- **Feasacht Eagraíochta (Leibhéal Oilteachta 1):** Ardchumas chun tuiscint ar UCD ina iomláine a léiriú, lena n-áirítear struchtúir agus rialacháin rialachais.
- **Pleanáil agus Eagrú (Leibhéal Oilteachta 2)** – Cumas láidir chun do chuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú go héifeachtach.
- **Cumarsáid Éifeachtach (Leibhéal Oilteachta 1)**: Scileanna maithe cumarsáide léirithe trí dhul i mbun cumarsáid scríofa agus ó bhéal i mbealach atá soiléir, gan débhrí, trédhearcach agus comhsheasmhach le Luachanna UCD.
- **Tionscnaíocht a ghlacadh (Leibhéal Oilteachta 1):** Cumas maith tionscnaíocht a ghlacadh trí ghníomhú go luath chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna, iad a réiteach agus réitigh a aimsiú.
- **Díriú ar Sheirbhís & Nuálaíocht (Leibhéal Oilteachta 1)**: Cumas forbarthach chun riachtanais an chustaiméara a thuiscint agus a réamh-mheas. Gníomhú chun táirgí agus seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar chun ionchais na bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha uile a chomhlíonadh.

Inmhianaithe:

- Taithí ar oibriú go díreach le mic léinn
- Taithí ar riaracháin cláir cheana féin
- Eolas ar Acadamh Nuálaíochta UCD agus/nó struchtúir ollscoile agus próisis acadúla
- Eolas ar chórais CRM

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí	https://strategy.ucd.ie/
Oifig an Chláraitheora:	https://www.ucd.ie/registrar/
Acadamh Nuálaíochta UCD:	https://www.innovationacademy.ie/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmiúla AMHÁIN chuig:

Ainm:	Eleanor Kelly. Uasal
Teideal:	Ceann Straitéise & Comhpháirtíochtaí, Acadamh Nuálaíochta UCD
Seoladh ríomhphoist:	Eleanor.Kelly@ucd.ie
Fón:	N/B